John Walsh

Gaillimh

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is dóigh liom go bhfuil na dualgais seo ar fad cuí agus gur léir go bhfuil ag éirí go réasúnta maith leo ó achtaíodh an tAcht. Ní chreidim go dteastaíonn leasú orthu.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Cé go bhfuil tábhacht áirithe leis na foilseacháin seo ó thaobh stádas na Gaeilge, is deacair a bheith cinnte gurb é seo an t-ábhar is mó a mbeadh éileamh ag an bpobal air. Theastódh breis taighde ar na nithe sin ach d'fhéadfadh sé gur lú an t-éileamh a bheadh ar chuntais iniúchta ná ar thuarascálacha bliantúla. Is cuí go mbeadh cuid éigin den tuarascáil bhliantúil ar fáil go dátheangach, mar shampla achoimre fheidhmeach ach d'fhéadfaí go mbeadh comhlachtaí áirithe níos tábhachtaí ná a chéile ó thaobh na Gaeilge agus na Gaeltachta. Ní féidir an cheist seo a shocrú go dtí go rachfaí i ngleic le córas na scéimeanna teanga (féach thíos). Maidir le hábhar aistrithe go ginearálta, tá roinnt mhaith samplaí ar fáil de dhroch-chaighdeánach aistriúcháin ó achtaíodh an tAcht. B'fhiú mír a chur san acht leasaithe a chuirfeadh ceangal ar chomhlachtaí poiblí

gan leas a bhaint as aistritheoirí nach bhfuil séala oifigiúil ó Fhoras na Gaeilge acu. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach gan méid an ábhair a aistrítear a laghdú go suntasach, nó chuirfí earnáil an aistriúcháin ó mhaith. Is gá féachaint go cúramach ar chineál an ábhair a aistrítear agus a chinntiú go dtabharfar tús áite d'ábhar ar dócha go bhfuil éileamh ag an bpobal air.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Tá an dualgais seo cuí agus go ginearálta, tá ag éirí go maith leo. Tá roinnt samplaí ar fáil de dhroch-chaighdeán Gaeilge i bhfógairtí taifeadta béil, áfach. B'fhiú mír a chur san acht maidir le ceartúsáid na Gaeilge sna fógairtí sin.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Tá go leor fadhbanna le córas na scéimeanna teanga. Tá an córas róchasta agus ródhoiléir agus tá i bhfad an iomarca éagsúlachta i gceist, rud a fhágann nach mbeadh a fhios ag an saoránach cad iad na cearta go bhfuil sé/sí ina dteideal. Baineann go leor de na fadhbanna leis an gcóras daingnithe a d'úsáid Roinn na Gaeltachta. Tháinig titim shuntasach ar ráta daingnithe na scéimeanna ó 2007 i leith agus tá dhá thrian de na scéimeanna reatha imithe in éag, cuid acu le blianta. Ní raibh sé i gceist riamh faoi chóras an Achta go n-imeodh scéimeanna in éag ar feadh tréimhse chomh fada sin; bhí scéimeanna nua in ainm is teacht ar an bhfód ionas go gcuirfí thar thréimhse ama le líon agus le caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge. Chomh maith leis sin, tá blianta fada caite ó iarradh ar go leor comhlachtaí dréachtscéimeanna a ullmhú agus níor tharla faic ó shin. Mar sin, is gá dom aontú le breithiúnas an Choimisinéara Teanga go bhfuil muinín caillte i gcóras na scéimeanna agus mar sin gur gá leasú ó bhonn a dhéanamh air. Tá sé riachtanach, áfach, nach n-éireofaí as na scéimeanna go dtí go mbeadh córas nua ullamh le teacht ina n-áit toisc gurb iad na scéimeanna croílár na reachtaíochta.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?

Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir Teanga maidir le rangú a dhéanamh ar chineálacha difriúla comhlachtaí poiblí. Dar leis an moladh sin, chuirfí dualgais dhíreacha ar gach comhlacht poiblí ach ba throime agus ba shuntasaí na dualgais a chuirfí ar chomhlachtaí a bhfuil baint shuntasach acu leis an nGaeltacht, leis an nGaeilge nó leis an bpobal i gcoitinne. Creidimse gurbh fhiú córas dá leithéid a chur i bhfeidhm in Éirinn ar mhaithe le cinnteacht, trédhearcacht agus éifeacht.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Toisc nach bhfuil cónaí orm sa Ghaeltacht, ní bhaineann an cheist seo go díreach liom. Mar sin féin, tuigim ó thuarascálacha an Choimisinéara Teanga agus ó theagmhálacha pearsanta sa Ghaeltacht nach mbíonn na seirbhísí Gaeilge thar mholadh beirte i gcónaí. Creidim gur gá aghaidh a thabhairt ar an gceist seo trí rangú a dhéanamh ar na comhlachtaí poiblí (féach thuas) ionas go gcuirfear na dualgais is troime ar chomhlachtaí a bhfuil freagracht orthu i leith na Gaeltachta.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Ní féidir feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge - sa Ghaeltacht nó lasmuigh di - gan dul i ngleic le ceist na hearcaíochta. Is gá córas náisiúnta earcaíochta Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, de réir rangú na gcomhlachtaí poiblí. Níor mhian le héinne, dar liom, go bhfillfí ar chóras na Gaeilge éigeantaí ach níl i ndán do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ach an Béarla éigeantach mura gcinnteofar gur gá céatadán áirithe oibrithe dátheangacha a earcú sa riarachán poiblí.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is leor an chuid is mó de na forálacha seo agus ní gá leasú a dhéanamh orthu. Maidir leis an leasú a deineadh i 2011 ar alt 7 den Acht (aistriúchán achtanna Oireachtais), creidim nár cheart a leithéid a dhéanamh sular cuireadh tús leis an athbhreithniú poiblí seo. De bharr an leasaithe, is leor an leagan Béarla de pé acht atá i gceist a fhoilsiú leis féin ar an idirlíon anois, cé gur gá fós an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla a chur i gcló ag an am céanna. Is athrú suntasach é seo a chuireann srian le ceart an tsaoránaigh teacht ar an leagan Gaeilge de reachtaíocht na tíre. Cheana féin, thit líon

na n-achtanna a aistríodh go Gaeilge go suntasach. Mar sin, ba cheart an leasú sin a chur ar ceal mar chuid den athbhreithniú.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Níl an liosta seo cuí toisc nach ann do chuid mhaith de na comhlachtaí níos mó. B'éigean don Aire comhlachtaí poiblí a chur leis an liosta, trí ordú, de réir mar a tháinig cinn nua ar an bhfód ach níor tharla sé sin go rialta rud a fhágann go bhfuil roinnt comhlachtaí nuabhunaithe nach dtagann faoi scáth an Achta in aon chor. D'fhéadfaí leasú simplí a dhéanamh ar an Acht le cinntiú go dtiocfadh gach comhlacht poiblí nuabhunaithe go huathoibríoch faoi fhorálacha an Achta.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Creidim go bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna Oifig an Choimisinéara Teanga cuí mar a sheasann siad faoi láthair agus gur gá iad a chosaint mar chuid den athbhreithniú. Ba mhí-ionraic an mhaise é ag an rialtas an t-athbhreithniú seo a fhógairt agus ansin a fhógairt coicís níos déanaí go ndéanfaí feidhmeanna an Choimisinéara Teanga a chónascadh le hOifig an Ombudsman. Dá dtarlódh sé, bhuailfeadh an t-athrú sin buille trom ar bhonneagar na gceart teanga in Éirinn toisc go mbainfeadh sé an bonn de neamhspleáchas an Choimisinéara, ceann de mhórbhuanna na hoifige. Ní mór a chinntiú go mairfidh an oifig sin mar oifig iomlán neamhspleách amach anseo.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Tar éis dom staidéar a dhéanamh ar ábhar na scéimeanna teanga, ba léir go raibh dinimic ar a dtugaimse 'idé-eolaíocht an chúpla focal' i gceist le go leor díobh: an

tuiscint gur leor cúpla focal Gaeilge chun freastal ar riachtanais lucht labhartha na Gaeilge. Leagan béim ar bheagán Gaeilge a mhúineadh d'fhoireann an chomhlachta nó gealladh go gcuirfí seirbhísí ar fáil 'i nGaeilge bhunúsach'. Tá an idé-eolaíocht sin ag teacht salach ar aidhmeanna an Achta agus ar mhianta na ndaoine a throid ar son Achta Teanga: gur cheart freastal cuimsitheach a dhéanamh ar an sciar sin den phobal a roghnaíonn an Ghaeilge mar phríomhtheanga nó mar cheann de na príomhtheangacha. Is léir gur cuid thábhachtach den phobal iad na saoránaigh sin a bhfuil cumas teoranta i nGaeilge acu ach is féidir agus is ceart freastal orthu i réimsí polasaí eile.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Is gá aghaidh a thabhairt ar dhá chineál seirbhíse go práinneach: (1) seirbhísí leictreonacha agus (2) seirbhísí ó bhéal. Baineann go leor den phobal úsáid as seirbhísí leictreonacha faoi láthair ach toisc nach bhfuil aon fhoráil dhíreach san acht mar gheall ar an réimse sin, ní féidir a bheith ag súil le seirbhís i nGaeilge i gcónaí. Ní féidir le córas na scéimeanna teanga mar a sheasann sé freastal ar an riachtanas sin. Maidir le seirbhísí ó bhéal i nGaeilge, ní féidir a leithéid a sholáthar go héifeachtach gan dul i ngleic le ceist na hearcaíochta. Má tá ar chumas an chomhlachta seirbhís ó bhéal i nGaeilge a sholáthar, is gá an tairiscint ghníomhach a úsáid chun an tseirbhís sin a fhógairt. Faoin gcóras sin, a úsáidtear go forleathan i gCeanada, is gá don chomhlacht poiblí a fhógairt go soiléir don chustaiméir go bhfuil rogha teanga aige/aici.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Tá go leor de na deacrachtaí luaite cheana ach ar na cinn is suntasaí tá: éagumas na foirne freastal ar an bpobal trí Ghaeilge; córas casta agus doiléir na scéimeanna teanga agus easpa córais náisiúnta oiliúna Gaeilge d'oibrithe na seirbhíse poiblí. Anuas air sin ar fad, tá doicheall agus naimhdeas i leith na Gaeilge a léiríonn cuid den phobal agus den tseirbhís phoiblí trí chéile. Imríonn an idé-eolaíocht sin tionchar láidir ar chaighdeán agus ar líon na seirbhísí Gaeilge a sholáthraítear. Chuige sin, is gá go dtabharfaí cosaint láidir do chúram monatóireachta agus géilliúlachta Oifig an Choimisinéara Teanga.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Is gá a rá gur beag é an costas díreach a bhain le soláthar seirbhísí Gaeilge go dtí seo, in ainneoin na tráchtaireachta poiblí. Níor tarraingíodh aon aird ar na costais dhíreacha a bhaineann leis an Acht san athbhreithniú a deineadh ar chaiteachas poiblí i 2011. Má théitear i ngleic le ceist na hearcaíochta, sábháilfear méid áirithe airgid ar chúraimí inmheánacha aistriúcháin ach is gá a chinntiú go dtabharfar aon sainábhar/ábhar teicniúil d'aistritheoirí gairmiúla fós. Léiríonn an taithí idirnáisiúnta, go háirithe ó Thír na mBascach agus ó Cheanada gur córas mí-éifeachtach agus costasach é múineadh na sprioctheanga d'oibrithe nach bhfuil sí ar a dtoil go maith acu toisc go dteataíonn líon

ard uaireanta tumoideachais chun go mbeadh seans ag an bhfostaí ardlíofacht a bhaint amach. Is léir go mbeidh gá le córas oiliúna éigin i gcónaí ach b'fhearr breise béime a chur ar pholasaí earcaíochta chun líon áirithe oifigeach dátheangach a fhostú sna comhlachtaí poiblí.